

Eleathanach214

Dé Luain 2 Samhain 2015

Rugbaí

Bhuaigh an Nua-Shéalainn an Corn Domhanda sa Rugbaí. Bhí an cluiche ceannais ar siúl Dé Sathairn agus bhí an Nua-Shéalainn ag imirt i gcoinne na hAstráile. Mar is gnáth, rinne siad an *Haka* sular thosaigh an cluiche. Is damhsa fíochmhar é.

Bhí an Nua-Shéalainn an-mhaith ar fad agus fuair siad ceithre úd sa chluiche. Ba é Dan Carter laoch na himeartha agus fuair sé 19 pointe sa chluiche.

Cé go raibh cúpla deis ag an Astráil, ar deireadh chríochnaigh an cluiche leis an scór Nua-Shéalainn 34; An Astráil 17.



Junior Eurovision 2015

Beidh iomaitheoir Éireannach ag glacadh páirte i gComórtas Amhránaíochta Eoraifíse Sóisearach den chéad uair i mbliana. Caithfidh an t-iomaitheoir amhrán a chumadh agus a chanadh agus a bheith idir 10 agus 15 bliain d'aois.

Bhí trialacha ar fud na tíre agus ansin roghnaigh na breithiúna 32 amhrán. Tá na hamhráin go léir trí mheán na Gaeilge. Le mí anuas bhí na moltóirí ar chlár speisialta ar TG4 agus tá ceathrar roghnaithe don bhabhta ceannais. Tá ceathrar moltóirí ar an gclár, Stiofán Ó Fearail ó Choláiste Lurgan ina measc.

Beidh an babhta ceannais ar siúl Dé Domhnaigh seo chugainn ar TG4. Ansin beidh Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse Sóisearach ar TG4 ar an Satharn, 21 Samhain. Beidh an comórtas ar siúl i Sofia sa Bhulgáir.

One Direction: an chamchuart thart

Bhí *One Direction* ar camchuart ar fud an domhain. Chríochnaigh siad an cheolchoirm dheireanach Dé Sathairn i Sheffield. Bhí a lán daoine den lucht leanúna gléasta d'Oíche Shamhna agus bhí puimcíní maisithe ag daoine go speisialta don ócáid.

Beidh siad ag canadh arís ag duaiseanna ceoil an BBC an mhí seo chugainn. Ansin seolfaidh siad albam nua sula nglacfaidh siad sos ar feadh bliana.



Bíonn beacha ina gcónaí i gcoirceog

Scannán nua sa phictiúrlann

Tá scannán nua sa phictiúrlann. *Maya the Bee Movie* is ainm don scannán. Is scannán é faoi Maya, beach óg, agus na himeachtaí a tharlaíonn di nuair a ghoideann duine éigin an mhil ón gcoirceog.

Ní maith le Maya na rialacha sa choirceog agus b'fhearr léi bheith ag eitilt ar fud na háite. Bíonn sí i dtríoblóid go minic leis na beacha eile. Sa scannán déanann sí iarracht teacht ar na gadaithe a ghoid an mhil.